Leasú 50
Daniel Freund
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A10-0080/2026**
Julien Sanchez
Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint – an chalaois a chomhrac – tuarascáil bhliantúil 2024
(2025/2238(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 23 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do bhreithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 16 Feabhra 2022 i gCásanna C-156/21 an Ungáir v an Pharlaimint agus an Chomhairle agus C-157/21 an Pholainn v an Pharlaimint agus an Chomhairle[1a] lena ndeimhnítear dlíthiúlacht an Rialacháin maidir le Coinníollacht,
	[1a] ECLI:EU:C:2022:97 & ECLI:EU:C:2022:98.

Or. en

Leasú 51
Daniel Freund
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A10-0080/2026**
Julien Sanchez
Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint – an chalaois a chomhrac – tuarascáil bhliantúil 2024
(2025/2238(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 25 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint don imscrúdú atá ar siúl faoi láthair a d'oscail OIPE i mí Iúil 2025 ar mhí-úsáid líomhnaithe chistí an Aontais ag iar-Ghrúpa na Féiniúlachta agus an Daonlathais de chuid Pharlaimint na hEorpa,

Or. en

Leasú 52
Daniel Freund
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A10-0080/2026**
Julien Sanchez
Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint – an chalaois a chomhrac – tuarascáil bhliantúil 2024
(2025/2238(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2a. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil na Ballstáit uile rannpháirteach in OIPE, rud lena gcruthaítear bearnaí forfheidhmiúcháin lena lagaítear cumas an Aontais a leasanna airgeadais a chosaint ar bhonn aonfhoirmeach; ag tabhairt dá haire gur eisigh OIPE líon suntasach Orduithe Imscrúdaithe Eorpacha agus iarrataí ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach a raibh baint ag Ballstáit neamh-rannpháirteacha leo in 2024, rud lenar cruthaíodh ualaí breise nós imeachta agus as a n-eascródh an riosa go gcaillfí fianaise; á iarraidh an athuair ar na Ballstáit neamh-rannpháirteacha uile atá fágtha dul isteach in OIPE gan a thuilleadh moille;

Or. en

Leasú 53
Daniel Freund
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A10-0080/2026**
Julien Sanchez
Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint – an chalaois a chomhrac – tuarascáil bhliantúil 2024
(2025/2238(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
3. á chur i bhfios go láidir gur bunchloch de chuid an Aontais é an smacht reachta agus go bhfuil sé bunriachtanach chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i ngach Ballstát; á chur i bhfáth nach mór sásra coinníollachta an smachta reachta a chur i bhfeidhm i gcás ina ndéanann sáruithe difear ***díreach*** do bhuiséad an Aontais; á chur i bhfios go láidir nach mór cinntí chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint a bheith bunaithe ar thorthaí teicniúla agus dlíthiúla; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbainfear úsáid chomhsheasmhach agus chomhréireach as an sásra, agus príomhfhreagracht na mBallstát as prionsabail an smachta reachta a chaomhnú agus as comhleanúnachas a áirithiú ar fud ionstraimí an Aontais á hurramú ag an am céanna;	3. á chur i bhfios go láidir gur bunchloch de chuid an Aontais é an smacht reachta agus go bhfuil sé bunriachtanach chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i ngach Ballstát; á chur i bhfáth nach mór sásra coinníollachta an smachta reachta a chur i bhfeidhm i gcás ina ndéantar le sáruithe ***ar neamhspleáchas breithiúnach, ar chumas ionchúisimh, ar chuntasacht nó ar thrédhearcacht difear do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais, i gcomhréir le cásdlí seanbhunaithe na Cúirte Breithiúnais;*** á chur i bhfios go láidir nach mór cinntí chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint a bheith bunaithe ar thorthaí teicniúla agus dlíthiúla; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbainfear úsáid chomhsheasmhach agus chomhréireach as an sásra, agus príomhfhreagracht na mBallstát as prionsabail an smachta reachta a chaomhnú agus as comhleanúnachas a áirithiú ar fud ionstraimí an Aontais á hurramú ag an am céanna;

Or. en

Leasú 54
Daniel Freund
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A10-0080/2026**
Julien Sanchez
Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint – an chalaois a chomhrac – tuarascáil bhliantúil 2024
(2025/2238(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	3a. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór imní di, go bhfuil an smacht reachta ag dul in olcas i gcónaí i mBallstáit áirithe, go háirithe san Ungáir, áit ar sainaithníodh rioscaí sistéamacha do leasanna airgeadais an Aontais arís agus arís eile, lena n-áirítear ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ag OLAF agus ag OIPE; á mheabhrú gur chuir an Chomhairle EUR 6,3 billiún i gcistí comhtháthaithe don Ungáir ar fionraí i mí na Nollag 2022 faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, agus go bhfuil méideanna suntasacha fós reoite mar gheall ar ábhair imní gan réiteach maidir le soláthar poiblí agus creataí frithéillithe; á chur i bhfáth nach torthaí polaitiúla iad na torthaí sin ach go bhfuil siad bunaithe ar fhianaise oibiachtúil, dhoiciméadaithe agus fhíoraithe arís agus arís eile; á athdhearbhú nach ionstraim pholaitiúil í coinníollacht an smachta reachta ach gur coimirce í do bhuiséad an Aontais, atá le cur i bhfeidhm go comhsheasmhach aon uair a thagann rioscaí chun cinn;

Or. en

Leasú 55
Daniel Freund
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A10-0080/2026**
Julien Sanchez
Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint – an chalaois a chomhrac – tuarascáil bhliantúil 2024
(2025/2238(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 25 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	25a. ag aithint an róil ríthábhachtaigh atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ag eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ag ceardchumainn maidir le faireachán a dhéanamh ar úsáid chistí an Aontais, maidir le calaois amhrasta a thuairisciú, maidir le tacú le sceithirí agus maidir le grinnscrúdú neamhspleách a sholáthar lena gcomhlánaítear obair chomhlachtaí frithchalaoise an Aontais; ag diúltú d'aon iarrachtaí chun teacht i dtír ar ábhair imní maidir le húsáid chistí an Aontais ag eagraíochtaí neamhrialtasacha chun údar a thabhairt le srianta ginearálaithe ar an tsochaí shibhialta; á mheabhrú gur bratach dhearg iad srianta díréireacha ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta iad féin maidir le meath ar an smacht reachta;

Or. en

Leasú 56
Daniel Freund
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A10-0080/2026**
Julien Sanchez
Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint – an chalaois a chomhrac – tuarascáil bhliantúil 2024
(2025/2238(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 43 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	43a. á chur i bhfáth gur riosca díreach do leasanna airgeadais an Aontais iad feachtais bhréagaisnéise atá cumasaithe ag IS lena ndírítear ar institiúidí an Aontais, lena n-áirítear ábhar comhordaithe atá ceaptha chun an bonn a bhaint ó mhuinín as comhlachtaí frithchalaoise, as buiséad an Aontais agus as an smacht reachta, trí thacaíocht phoiblí do shásraí cosanta a chreimeadh agus trí chumhdach a sholáthar do chleachtais chalaoiseacha; á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhar le OLAF, OIPE agus Europol, acmhainneacht uile-Aontais a fhorbairt chun feachtais bhréagaisnéise atá cumasaithe ag IS agus atá dírithe ar rialachas airgeadais an Aontais a bhrath, a dhoiciméadú agus a chomhrac;

Or. en

Leasú 57
Daniel Freund
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A10-0080/2026**
Julien Sanchez
Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint – an chalaois a chomhrac – tuarascáil bhliantúil 2024
(2025/2238(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 53

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
53. á mheabhrú gur uirlis a rialaítear go dlíthiúil é an sásra coinníollachta buiséadaí arna bhunú leis an Rialachán maidir le Coinníollacht chun rioscaí do bhuiséad an Aontais a chosc; ag tabhairt dá haire, áfach, nach féidir údar a thabhairt lena chur i bhfeidhm ach amháin sa chás ina bhfuil nasc díreach, réadach agus léirithe idir na teipeanna a aimsíodh agus an díobháil do leasanna airgeadais an Aontais; ***á chur in iúl gur cúis bhuartha di go mbeadh aon leathnú ar a raon feidhme thar an gcuspóir buiséadach sin contrártha do mheon na gConarthaí agus do phrionsabal na comhréireachta;*** á mheabhrú go bhfuil dlisteanacht an tsásra sin bunaithe ar chur i bhfeidhm atá go ***hiomlán oibiachtúil, saor ó chúrsaí polaitiúla, agus go n-urramaítear cóir chomhionann idir na Ballstáit; ag tabhairt dá haire go bhfuil dúshláin phraiticiúla agus oibríochtúla tagtha chun cinn mar gheall ar a chur chun feidhme, mar a léiríodh i dtuarascáil speisialta CIE 03/2024 maidir leis an smacht reachta san Aontas;*** á iarraidh ar an gCoimisiún an ***sásra a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go trédhearcach ar bhonn fianaise oibiachtúil;***	53. á mheabhrú gur uirlis a rialaítear go dlíthiúil é an sásra coinníollachta buiséadaí arna bhunú leis an Rialachán maidir le Coinníollacht chun rioscaí do bhuiséad an Aontais a chosc; á mheabhrú gur coimirce bhuiséadach é an Rialachán maidir le Coinníollacht atá ceaptha chun buiséad an Aontais a chosaint i gcás ina ndéanann sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta difear do bhainistíocht fhónta airgeadais leasanna airgeadais an Aontais nó ina bhfuil baol mór ann go ndéanfadh siad difear dóibh; á mheabhrú gur dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais i gCásanna C-156/21 agus C-157/21 dlíthiúlacht an Rialacháin maidir le Coinníollacht agus raon feidhme leathan a chur i bhfeidhm maidir le buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar an smacht reachta; á mheabhrú go bhfuil dlisteanacht an tsásra sin bunaithe ar chur i bhfeidhm oibiachtúil, saor ó chaighdeáin dhúbailte; á chur i bhfáth go bhféadfadh easnaimh shistéamacha i neamhspleáchas breithiúnach, i gcreataí frithéillithe agus in acmhainneacht ionchúisimh a bheith ina riosca mar sin fiú sula ndéantar caillteanas airgeadais díreach sonrach a chainníochtú; á iarraidh ar an gCoimisiún an Rialachán maidir le Coinníollacht a chur i bhfeidhm ar bhealach tráthúil agus comhsheasmhach cibé áit a gcomhlíontar an caighdeán sin,

agus tuairisciú go bliantúil don Pharlaimint maidir lena mheasúnú ar rioscaí an smachta reachta do bhuiséad an Aontais i ngach Ballstát;

Or. en

Leasú 58
Daniel Freund
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A10-0080/2026**
Julien Sanchez
Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint – an chalaois a chomhrac – tuarascáil bhliantúil 2024
(2025/2238(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 54

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
54. ***á áitiú gur gné lárnach d'iontaoibh na saoránach é sláine agus clú institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais; á chreidiúint go bhfuil cuntasacht in úsáid acmhainní buiséid an Aontais ríthábhachtach don dlisteanacht dhaonlathach, agus nach mór feidhm chomhionann a bheith ag ceanglais a bhaineann le trédhearcacht agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais maidir le gach tairbhí agus gan eisceacht laistigh de gach institiúid de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Pharlaimint, chun bainistíocht fhónta airgeadais agus rialuithe éifeachtacha ar chistí poiblí a ráthú;***	54. á mheabhrú go bhfuil feidhm chomhionann ag an dualgas leasanna airgeadais an Aontais a chosaint maidir le tairbhithe uile chistí an Aontais, lena n-áirítear grúpaí polaitiúla a oibríonn laistigh de Pharlaimint na hEorpa; ***ag tabhairt dá haire, le himscrúduithe agus le gníomhaíochtaí téarnaimh a bhaineann le mí-úsáid amhrasta chistí an Aontais ag iar-Ghrúpa na Féiniúlachta agus an Daonlathais, go dtugtar chun suntais a thábhachtaí atá rialuithe inmheánacha láidre, fíorú*** éifeachtach ***ex post agus sásraí téarnaimh tapa laistigh de riarachán na Parlaiminte; á iarraidh ar riarachán na Parlaiminte gach imeacht aisghabhála atá fós gan réiteach a thabhairt chun críche gan mhoill agus aon fhianaise ar chaiteachas neamhrialta a tharchur chuig OLAF agus OIPE; á chur i bhfáth go mbraitheann inchreidteacht ollstruchtúr frithchalaoise an Aontais ar a chur i bhfeidhm comhsheasmhach maidir leis na tairbhithe uile, lena n-áirítear iad siúd laistigh den Pharlaimint féin;***

Or. en

Leasú 59
Daniel Freund
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil **A10-0080/2026**
Julien Sanchez
Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint – an chalaois a chomhrac – tuarascáil bhliantúil 2024
(2025/2238(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 54 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	54a. ag tabhairt dá haire gur chinn riarachán na Parlaiminte gur chaith iar-Ghrúpa na Féiniúlachta agus an Daonlathais EUR 4 333 635.78 ar a laghad de leithreasuithe mhír bhuiséid 400 go míchuí thar théarma 2019-2024, agus gur oscail OIPE imscrúdú i mí Iúil 2025 ar an mí-úsáid líomhnaithe a bhain an grúpa as cistí an Aontais; á chur i bhfáth gur gá bearta trédhearcachta, cuntasachta agus téarnaimh a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar gach tairbhí gan eisceacht mar gheall ar inchreidteacht ollstruchtúr frithchalaoise an Aontais; á iarraidh ar riarachán na Parlaiminte, i gcomhthráth le himscrúdú coiriúil OIPE, bearta cosanta eatramhacha riaracháin a dhéanamh i dtreo leasanna airgeadais an Aontais; á mheas gur léirigh díscaoileadh Ghrúpa na Féiniúlachta agus an Daonlathais in 2024 agus na himeachtaí airgeadais a eascraíonn as sin nach leor an creat atá ann faoi láthair chun brath, tuairisciú agus téarnamh tráthúil a áirithiú; á iarraidh ar Bhiúró na Parlaiminte athbhreithniú agus neartú práinneach a dhéanamh ar an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh is infheidhme maidir leis na grúpaí polaitiúla i bParlaimint na hEorpa;

Or. en